



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

EUCO XT 20014/17

BXT 76
CO EUR 21
CONCL 6

NÓTA CUMHDAIGH

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (20 Deireadh Fómhair 2017) - Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach¹ ag an gcruinniú thuasluaite.

¹ Tar éis an fhógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí ná i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Maidir leis an gComhairle Eorpach, i bhfianaise na chéad chúig bhabhta caibidlíochta, agus an measúnú a chuir idirbheartaí an Aontais i láthair á chur san áireamh agus na treoirlínte a d'eisigh sí ar an 29 Aibreán 2017 á n-athdhearbhú aici:
 - is mór aici an dul chun cinn a rinneadh maidir le *cearta na saoránach* agus tá sí ag iarraidh ar an idirbheartaí tógáil ar an gcóineasú a rinneadh go dtí seo ionas go gcuirfeadh an deimhneacht dhlíthiúil agus na ráthaíochtaí is gá ar fáil do na saoránaigh uile lena mbaineann agus dá mbaill teaghlaigh a bheidh in ann a gcearta, a dhíortaítear ó dhlí an Aontais agus atá á gcosaint sa chomhaontú um tharraingt siar, a fheidhmiú go díreach, trí nósanna imeachta a bheidh rianúil simplí agus trí ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;
 - aithníonn sí, i ndáil le *hÉirinn*, go ndearnadh dul chun cinn maidir le teacht ar chóineasú i dtaobh na bprionsabal agus na gcuspóirí a bhaineann le Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint agus an Comhlimistéar Taistil a choinneáil, agus tá sí ag iarraidh ar idirbheartaí an Aontais féachaint leis na prionsabail sin a bheachtú tuilleadh, agus é á chur san áireamh gur mór an dúshlán é an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar, mura mbeadh ann ach i dtaca le teorainn chrua a sheachaint, agus dá bhrí sin, tá sí ag súil go gcuirfidh an Ríocht Aontaithe i láthair na réitigh sholúbtha chruthaíocha a bhfuil call leo de bharr chás sainsiúil na hÉireann, agus tá sí ag súil go mbeidh an Ríocht Aontaithe tiomanta do na réitigh sin;
 - tugann sí ar aird an méid seo: cé go bhfuil sé ráite ag an Ríocht Aontaithe go seasfaidh sí leis na *hoibleagáidí airgeadais* a ghlac sí ar láimh agus í ina comhalta, níor thug an Ríocht Aontaithe gealltanais cinnte nithiúil fós maidir leis na hoibleagáidí uile sin a íoc.
2. Agus í ag tógáil ar an dul chun cinn sin, tá an Chomhairle Eorpach ag tathant go leanfaí leis an obair ionas go mbeifear in ann an cóineasú ar thángthas air a chomhdhlúthú agus tabhairt faoin gcaibidlíocht d'fhonn go mbeifear in ann luí isteach, a luaithe is féidir, ar an dara céim den chaibidlíocht.

3. Ag an gcéad seisiún eile a bheidh aici i mí na Nollag, déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú an athuair ar an dul chun cinn a bheidh déanta sa chaibidlíocht, ionas go mbeifear in ann a chinneadh an ndearnadh dóthain dul chun cinn ar gach ceann de na trí shaincheist thuas. Má rinneadh, glacfaidh sí treoirlínte breise maidir le creat a leagan amach don chaidreamh a bheidh ann amach anseo agus maidir le socruithe idirthréimhseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanfaidh leas an Aontais agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha agus na croí-phrionsabail a leagadh amach i dtreoirlínte an 29 Aibreán 2017. I bhfianaise an mhéid sin, tá an Chomhairle Eorpach ag iarraidh ar an gComhairle (Airt. 50) agus ar idirbheartaí an Aontais cromadh ar an bplé réamhullmhúcháin.
-